## CEACHT 9 AG COMHRÁ AR LÍNE

**Cuspóir:**

Is é aidhm an cheachta seo ná cineáltas agus meas a chur chun cinn agus muid i mbun cumarsáide ar líne, go háirithe le cairde agus le comhdhaltaí. Déanfaidh sé scrúdú freisin ar an gcuma a bhíonn ar chairdeas ar líne agus pléifidh sé cineálacha difriúla cumarsáide ar líne, teachtaireachtaí, físeáin agus pictiúir san áireamh.

**Torthaí Foghlama:**

Agus an ceacht seo críochnaithe acu, beidh na daltaí ábalta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A thuiscint nach n-athraíonn an chaoi a gcaitheann tú le daoine ar líne - tá sé chomh tábhachtach céanna a bheith cineálta agus measúil le cairde agus daoine eile ar líne agus atá sé san fhíorshaol.
- Cur síos a dhéanamh ar chairdeas feiliúnach agus cumarsáid fheiliúnach ar líne.
- Tuiscint go bhfuil teachtaireachtaí gránna in ann goilleadh ar dhaoine eile agus nach bhfuil iompar bulaíochta ceart ná cóir.

**Naisc Churaclaim:**

**OSPS Rang a Trí agus Rang a Ceathair**

**Snáithe: Mise agus Daoine Eile:**

**Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile**

- an tábhacht a bhaineann le cúram agus tuiscint, cúirtéis, agus deabhéasa le linn idirghníomhuithe le daoine eile a chleachtadh agus a aithint
- bulaíocht a aithint, a phlé agus a thuiscint
- slite chun déileáil le bulaíocht a iniúchadh agus a scrúdú

**An Clár Bí Sábháilte - Rang a Trí agus Rang a Ceathair**

Is clár scileanna do shábháilteacht phearsanta é An Clár Bí Sábháilte do bhunscoileanna. Is acmhainn riachtanach é Bí Sábháilte agus ní mór é a úsáid laistigh de chomhthéacs an churaclaim OSPS chun na spriocanna bainteacha ábhair a chlúdach. Is féidir an Clár Laochra HTML seo a úsáid mar thacaíocht breise nuair atá ábhar dualgais an Chláir Bí Sábháilte á theagasc.

- Topaic 2: Cairdeas agus Bulaíocht

**AG LEANÚINT LEIS AN gCEACHT LEIS NA LAOCHRA HTML: EAGRÁN RANG A TRÍ agus RANG A CEATHAIR**

D'fhéadfaí na téamaí agus topaicí sábháilte ar líne sa cheacht seo a úsáid mar obair leantach ó cheachtanna:

• Ceacht 6: Cumarsáid Mheasúil ar Líne, gníomhaíochtaí breise ceachta anseo: https://www.webwise.ie/lessons/6-respectful-communication-online/

• Ceacht 7: Gan ainm ar Líne, gníomhaíochtaí breise ceachta anseo: https://www.webwise.ie/lessons/7-anonymousonline/

**Acmhainní a bheidh ag teastáil:**

- Ríomhaire ceangailte le teilgeoir/clár bán
- Bileog Ghníomhaíochta 1: Cineálta ar Líne: Mothaíonn cineálta ar nós, An chuma atá air, An Fhuaim atá leis
- Bileog Ghníomhaíochta Iomlánach Ticéad Imeachta Emoji
- Bileog Eolais Don Bhaile.
- Gearrscéal Laochra HTML: '*Tosaíonn Ruby ag Seasamh Suas*' atá le fáil ar https://www.webwise.ie/html-heroes/

**Modheolaíochtaí:**

Plé, smaoinigh-péireáil-roinn, scéalaíocht, caolsráid choinsiasa, obair i ngrúpaí, scríbhneoireacht neamhspleách nó scríbhneoireacht chomhoibríoch, seisiún roinnte

**Stór focal tábhachtach:**

- **Féachadóir** - duine a thugann faoi deara go bhfuil rud éigin as bealach ach nach ndéanann rud ar bith ach "féachaint", ní thugann an duine seo tacaíocht d'aon duine agus ní labhraíonn sé ach an oiread. Má fheiceann féachadóir cás/iompar, ní dhéanfaidh sé aon rud faoi.
- **Cibearbhulaíocht** - sin teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun duine a ghortú nó bulaíocht a dhéanamh orthu. Is iad samplaí de theicneolaíocht dhigiteach ná fón cliste, ríomhaire, táibléad, consól cluichí.
- **Emoji** - Sin íomhá bheag dhigiteach nó deilbhín chun smaoineamh nó mothúchán a chur in iúl.
- **Eisiamh** - Ar líne, d'fhéadfadh gur shampla d'eisiamh ná bac a chur ar dhuine a bheith páirteach i ngrúpa mór le rá ar nós grúpa scoile nó grúpa ranga ar aipeanna cosúil le WhatsApp nó Snapchat, duine a bhaint de liostaí cairdis, agus/nó feidhmeanna 'neamhairde' a úsáid.
- **Neamhaird** - Gan aird ar bith a thabhairt nó rogha a dhéanamh gan rud/duine a thabhairt faoi deara.
- **Cineáltas** - Is é sin a bheith tuisceanach agus ag taispeáint go bhfuil bá agat le folláine agus le mothúcháin daoine eile.
- **Meas** - Sin ag caitheamh go cúramach le duine, a bheith cineálta leis agus ag tabhairt aire dó; duine a bhfuil meas orthu.
- **Duine Cróga** - Ní hamháin go dtugann an duine seo faoi deara go bhfuil rud éigin as bealach, ach seasann sé/sí an fód dá c(h)uid creideamh trína bheith ag gníomhú. Tugann an duine cróga cúnamh/tacaíocht do dhuine ar bith atá á ghortú agus labhróidh sé/sí chun an cás a chur ina cheart.

**Nóta don Mhúinteoir:**

**Ag plé Teachtaireachtaí agus na Meán Sóisialta.**

Tá sé tábhachtach gur ar ghníomhaíochtaí agus ar chumarsáid ar líne a dhíríonn an plé sa cheacht seo, seachas ar sheirbhísí sonracha ar líne. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh an plé a dhíriú ar na riachtanais a spreagann úsáid shuim na ndaltaí agus ní ar na huirlisí a mbaineann siad úsáid astu chun na spriocanna sin a bhaint amach. Tríd is tríd, baineann leanaí úsáid as an idirlíon chun sóisialú a dhéanamh, chun meáin a roinnt, chun faisnéis a fháil, chun cluichí a imirt, chun cumarsáid a dhéanamh, agus chun foghlaim. Ba cheart duit a bheith ar an eolas go mbeidh suim ag roinnt daltaí i do rang in aipeanna agus in uirlisí líonraithe shóisialta agus roinnt meán a úsáid den chéad uair. Beidh cuid mhaith acu i mbun idirbheartaíochta lena dtuismitheoirí ar mhaithe le cead a fháil dá leithéid. D'fhéadfadh an leanbh d'fhocail féin a úsáid mar chuid den idirbheartaíocht sin sa bhaile. Sa chomhthéacs sin, is fearr labhairt faoi "grianghraif a roinnt" ná faoi "Instagram a úsáid".

**Srianta Aoise ar na Meáin Shóisialta**

- **Tá ceanglas teorainn aoise ag formhór na meán sóisialta, don chuid is mó de na seirbhísí seo is é 13 bliana d'aois an ceanglas agus is é 16 ar chuid eile acu (WhatsApp).**
- Faoin Rialachán Ginearálta nua maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), shocraigh Éire gurb í sé bliana déag d'aois an aois toilithe. Is ag an aois sin atá páistí in ann toiliú go dleathach do ghnólachtaí/d'eagraíochtaí sonraí pearsanta/faisnéis phearsanta a phróiseáil nuair a chláraíonn siad le hardán ar líne nó le cuntas meán sóisialta. Maidir le páistí faoi bhun 16 bliana d'aois, caithfidh tuismitheoir nó caomhnóir an pháiste cead a thabhairt/údarú.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHEACHTA:

### GNÍOMHAÍOCHT 1: DÍOSPÓIREACHT - BÍ CINEÁLTA AR LÍNE

**Céim 1.** Tosaigh amach ag rá leis na daltaí sa cheacht inniu go bhfuilimid le féachaint ar bheith cineálta agus measúil agus muid i mbun cumarsáide ar líne, go háirithe le cairde agus comhdhaltaí. Iarr ar na daltaí a bheith ag smaoineamh ar na bealaí difriúla ar féidir le daoine an t-idirlíon a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le teaghlach, le cairde agus leis an saol níos leithne. Faigh aiseolas ó na daltaí air sin. I measc na samplaí a mholtar, tá téacsáil, físghlaonna, glaonna gutha, tráchtanna a phostáil, físeáin nó pictiúir a uaslódáil, blaganna a scríobh agus cianfhoghlaim. Ansin, iarr ar na daltaí céard iad na buntáistí, dar leo, a bhaineann le bheith in ann an t-idirlíon a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le cairde, le teaghlach, leis an scoil agus leis an saol níos leithne? I measc na bhfreagraí a d'fhéadfadh a bheith ann, tá teaghlach atá ina gcónaí i bhfad i gcéin a fheiceáil, cumarsáid láithreach agus bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le daoine san fhíor-am, nó bheith in ann do chuid tuairimí agus caitheamh aimsire a roinnt le lucht leanúna níos leithne agus pobail a chruthú ar líne le daoine eile a bhfuil na suimeanna céanna acu.

Mínigh do na daltaí gurb iontach an rud é go dtugann an t-idirlíon go leor bealaí difriúla dúinn chun cumarsáid a dhéanamh, lena n-áirítear trí scríobh, trí chaint, trí ghluaiseacht, trí phictiúir, ach le GIFeanna, le méimeanna, le emoji agus bitmoji is minic gur féidir le caint ar an idirlíon teanga go hiomlán nua dá chuid féin a chruthú. Caithfimid cuimhneamh go bhfuil sé éasca míbhrí nó brí chontráilte a bhaint as rudaí toisc nach mbímid i gcónaí in ann an duine a fheiceáil nó a chloisteáil agus muid ag caint leis mar is féidir san fhíorshaol. Sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach céanna a chinntiú go mbímid cineálta agus tuisceanach do mhothúcháin daoine eile agus muid ag caint ar líne agus atá sé agus muid ag caint aghaidh ar aghaidh.

**Céim 2.** Tosaímis ag déanamh plé ar a bhfuil i gceist le cineáltas. Déan cinnte go míneoidh tú go bhfuil tú ag caint ar chineáltas ó thaobh na caoi a n-iompraíonn tú tú féin os comhair

daoine (nó an chaoi a n-iompraíonn siadsan iad féin os do chomhair), agus ní faoin gcaoi a mothaíonn tú faoi dhuine éigin, tá sé tuillte ag gach duine go gcaithfí leo le cineáltas agus meas. Dáil Bileog Ghníomhaíochta 1 agus iarr ar na daltaí an chairt Y a chomhlánú bunaithe ar an mbrí atá le cineáltas dóibh. Sampla de cheisteanna leide is ea iarraidh ar na daltaí smaoineamh ar an rud cineálta is déanaí a rinne tú do dhuine, m.sh, nóta a scríobh ag rá 'go raibh maith agat', milseáin bhácáilte a thabhairt do dhuine gan choinne, nó an doras a choinneáil ar oscailt do dhuine. Bain úsáid as an straitéis Smaoinigh-Péireáil-Roinn chun aiseolas a bhailiú ó na daltaí air seo.

**Céim 3** Ansin, iarr ar na daltaí a bheith ag smaoineamh faoin gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar chineáltas ar líne. Tabhair leid do na daltaí ach iarraidh orthu smaoineamh ar shampla de chineáltas a chonaic siad ar líne le déanaí - d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis seo coinneáil i dteagmháil le seanghaol atá ina chónaí leis féin, moladh a thabhairt do dhuine, dea-scéala a roinnt le teaghlach agus cairde, m.sh., pictiúr nó físeán de chóisir lá breithe, rud éigin a dhéanamh do charthanas, etc.

Arís, bain úsáid as an straitéis Smaoinigh-Péireáil-Roinn chun aiseolas a bhailiú ó na daltaí air seo agus freagraí a bhailiú ar an gclár bán. Cuir clabhsúr ar an ngníomhaíocht ach béim a chur ar an bpointe nach athraíonn an chaoi a gcaitheann tú le daoine sa domhan ar líne - tá sé chomh tábhachtach céanna a bheith cineálta agus measúil le cairde agus daoine eile ar líne agus atá as líne.

*Is iomaí uirlis mheabhairmhapála saor in aisce atá ar fáil ar líne ar nós Coggle (www.coggle.it) nó Bubbl.us (www.bubbl.us).

**GNÍOMHAÍOCHT 2: GEARRSCÉAL LAOCHRA HTML**

**Céim 1.** Taispeáin an gearrscéal Laochra HTML: *'Tosaíonn Ruby ag Seasamh Suas'* ar an gclár bán agus an scéal á léamh agat.

**Céim 2.** Nuair atá tú críochnaithe ag léamh an scéil, téigh trí na ceisteanna i gcomhair plé chun cúnamh a thabhairt do dhaltaí machnamh a dhéanamh ar an gcás faoi shábháilteacht ar líne agus ar theachtaireachtaí sábháilteachta a pléadh sa scéal.

**" Ceisteanna i gcomhair Plé**

1. (a) Meas tú cén chaoi ar airigh Ruby nuair a léigh sí an teachtaireacht ghránna?
   1 (b) Cén fáth a raibh imní ar Ruby?

2. Nuair a dúirt Ruby lena hathair céard a bhí tar éis titim amach, cén freagra a thug sé?

3. Cén fáth ar cheap Ruby gur smaoineamh maith a bhí ann seasamh suas seachas a bheith ina féachadóir?

4. (a) An bhfuil rialacha difriúla i bhfeidhm nuair a deirtear rud éigin ar líne seachas san fhíorshaol?
   4 (b) Mínigh do fhreagra.

5. (a) An ndearna sé cúrsaí níos fearr nuair a seoladh teachtaireacht chuig an mbulaí agus iarradh air a leithscéal a ghabháil?
   5 (b) Mínigh do fhreagra.

6. Céard is féidir leat a dhéanamh má tá cibearbhulaíocht á déanamh ar dhuine éigin?

Ag deireadh an scéil agus na gceisteanna plé, cuir béim ar phríomhchomhairle i gcomhair páistí a bhfuil cibearbhulaíocht á déanamh orthu mar a leagtar amach sa Chlár Bí Sábháilte:

**STOP** – ná freagair an teachtaireacht ach tóg seat scáileáin

**BAC** – cuir bac ar an seoltóir

**INIS** – do dhuine fásta é, a bhfuil muinín agat as

**Nótaí an Mhúinteora** ar an gcaoi le dul i ngleic le cibearbhulaíocht:

- **Ná freagair teachtaireachtaí a chuireann isteach ort nó a chiapann thú** – Cé go dteastódh uait freagra a thabhairt orthu, is é sin go díreach a theastaíonn ón seoltóir chomh maith. Ba mhaith leo a fháil amach gur chuir siad isteach ort nó go bhfuil trí chéile mar gheall air. Má thugann tú freagra níos mailísí orthu, beidh a fhios acu gur chuir siad isteach ort. Is é sin atá uathu! D'fhéadfaidís gearán a dhéanamh fút fiú!
- **Coinnigh an teachtaireacht** – Ní gá í a léamh, ach coimeád mar sin féin í. Má fhaigheann tú teachtaireachtaí a chuireann isteach ort ar bhonn rialta, beidh an fhianaise ag teastáil uait chun cabhair a fháil. Beidh an fhianaise ó úinéirí suíomhanna gréasáin, ó chuideachtaí fón póca agus ó na Gardaí le go mbeidh siad ábalta teacht i gcabhair ort.
- **Cuir bac ar an seoltóir** – Ní gá duit cur suas leis an gciapadh sin. Má fhaigheann tú teachtaireachtaí a chuireann isteach ort, is féidir cosc a chur ar an duine sin tríd an gcnaipe 'Cuir Bac leis an Duine seo' a bhrú. Is féidir bac a chur ar uimhir fóin daoine ar roinnt fóin phóca.
- **Labhair le duine a bhfuil muinín agat as** – Labhair le do thuismitheoirí/chaomhnóirí, cairde nó le duine a bhfuil muinín agat as; de ghnáth, is é sin an chéad chéim is féidir a ghlacadh chun dul i ngleic le deacracht ar bith. I gcás teachtaireachtaí bulaíochta ar scoil, ba cheart duit labhairt le múinteoir a bhfuil muinín agat as nó le treoirchomhairleoir. Má theastaíonn uait labhairt le duine láithreach, is féidir glao a chur ar Líne Chabhrach na Leanaí ag 1800 66 66 66 freisin. Cuireann Líne Chabhrach na Leanaí ISPCC seirbhís tacaíochta téacs (seol téacs a deir 'Talk' chuig 50101) agus seirbhís comhrá ar líne ar fáil freisin ar https://www.childline.ie/ le tacú le daoine óga.
- **Déan Deacrachtaí a Thuairisciú -** Déan deacrachtaí a thuairisciú do na daoine ar féidir leo rud éigin a dhéanamh fúthu. Cuireann suíomhanna gréasáin, aipeanna meán sóisialta, aipeanna téacsála agus oibritheoirí fón póca freagracha bealaí ar fáil dá gcuid úsáideoirí chun ábhar ar nós bulaíochta nó ábhar garbh a thuairisciú.

### GNÍOMHAÍOCHT 3: CAOLSRÁID CHOINSIASA

**Céim 1.** Mínigh do na daltaí go bhfuil siad le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht caolsráid choinsiasa bunaithe ar an aincheist nó ar an bhfadhb a bhí ag Ruby sa scéal agus comhairle a thairiscint faoin mbealach is fearr chun an fhadhb a réiteach agus mar sin tuiscint go ndearnadh duine uaillmhianach di d'aon ghnó agus seasamh suas dá cara a raibh cibearbhulaíocht á déanamh uirthi. Cuir i gcuimhne do na daltaí an bhrí atá le féachadóir agus le duine a sheasann suas agus cuir béim ar an iompar agus ar na tréithe a bhaineann leo a aithint, seachas ar na téarmaí iad féin.

> **An Féachadóir** Féachadóir - duine a thugann faoi deara go bhfuil rud éigin as bealach ach nach ndéanann rud ar bith ach "féachaint" ní thugann an duine seo tacaíocht do aon duine ná labhairt ach an oiread. Má fheiceann féachadóir cás/iompar ach ní dhéanfaidh sé aon rud faoi.
>
> **Duine a Sheasann Suas:** Ní hamháin go dtugann an duine seo faoi deara go bhfuil rud éigin as bealach ach de bharr sin, seasann sé suas dá chreidimh ach gníomh a ghlacadh. Tugann an duine a sheasann suas cúnamh/tacaíocht do dhuine ar bith atá á ghortú agus labhróidh sé chun an cás a chur ina cheart. Le nach gcuirfear isteach ar dhaltaí leochaileacha agus diancheistiú á dhéanamh orthu déan machnamh tú féin mar mhúinteoir ról Ruby a ghlacadh sa chaolsráid choinsiasa.

**Céim 2.** Ansin, déan dhá leath den ghrúpa, agus iarr orthu dul isteach in dhá líne, ina seasamh aghaidh ar aghaidh - sin é an 'chaolsráid'. Pioc dalta amháin le bheith ina chinnteoir .i. Ruby sa chás seo agus iarr orthu seasamh ag tús na 'caolsráide' nó an dá líne in aghaidh a chéile.

**Céim 3** Cuir i gcuimhne do na daltaí éisteacht go cúramach de réir mar a léann tú amach an cás chun an aincheist a chur i gcuimhne don ghrúpa:

> **Aincheist:** *Tar éis pictiúr a roinnt di féin agus dá cara Dolly ar líne, tugann Ruby teachtaireacht ghránna faoi deara faoin bpictiúr ag magadh faoi chosúlacht uathúil a carad. Níos measa fós, tá úsáideoirí eile ag postáil emoji gáirí faoin teachtaireacht. Cén chaoi a n-aireodh Dolly dá bhfeicfeadh sí é sin? Níl a fhios ag Ruby céard a dhéanfaidh sí, ar cheart di fanacht ina tost, a bheith páirteach leis agus an teachtaireacht a fhágáil san áit ina bhfuil sí go bhfeicfidh gach duine í, nó ar chóir di fáil réidh leis an bpictiúr agus na daoine atá ag scríobh teachtaireachtaí gránna a bhlocáil.*

Ansin, inis don taobh deas go bhfuil siad leis an duine a sheasann suas a chur i láthair - ag tabhairt fáthanna ar cheart don chara seasamh suas agus an méid a thit amach a thuairisciú. Ansin, inis don taobh clé go bhfuil siad chun an féachadóir a chur i láthair - ag tabhairt fáthanna ar cheart don chara fanacht ina thost maidir leis an méid a thit amach. Tabhair deis do na baill ar an dá thaobh smaoineamh agus plé a dhéanamh faoin gcomhairle a chuirfidh siad ar Ruby. D'fhéadfaí roinnt samplaí de na tuairimí ón dá thaobh a chleachtadh nó a scríobh síos roimh ré. Is féidir le daltaí na cinn is cuí a roghnú agus iad a chur isteach.

**Céim 4:** Iarr ar an duine ag glacadh pháirt Ruby siúl idir na línte agus mar a shiúlann an duine, tabharfaidh gach ball den dá thaobh a gcomhairle - cén fáth ar cheart do Ruby an méid a bhí ag tarlú a thuairisciú nó fanacht ina tost. Agus an dalta ag tarraingt ar dheireadh an tolláin inis dó dul isteach i gceann de na línte chun a rogha a chur in iúl. Ansin fiafraigh dó cén fáth a ndearna sé an cinneadh sin - ag cén taobh a raibh an chomhairle is mó a chuaigh i bhfeidhm air.

**Céim 5.** Meabhraigh do na daltaí gur sampla maith é an scéal seo den chaoi ar cheart déileáil le cibearbhulaíocht: Stad, Bac, Inis. (Stop, Block, Tell) Mar mhachnamh deireanach air seo, iarr ar na daltaí gluaiseachtaí a chumadh chun an teachtaireacht Stad, Bac, Inis a chur in iúl faoin gcaoi le dul i ngleic le cibearbhulaíocht. Mar shampla, lámh ag léiriú an chomhartha stop le haghaidh stad, lámha ag cruthú X le haghaidh Bac agus lámh ag bogadh ó do bhéal chun Inis a chur in iúl. Ag an deireadh, áitigh orthu insint do thuismitheoir má fheiceann siad aon cheo gránna nó coscrach ar líne nó má fhaigheann siad teachtaireacht ghránna ar líne.

**GNÍOMHAÍOCHT 4: Machnamh**

**Céim 1.** Bain úsáid as an mBileog Ghníomhaíochta Iomlánach. Ticéad Imeachta Emoji atá ar fáil agus iarr ar dhaltaí rud amháin a scríobh síos a d'fhoghlaim siad faoi bheith ag imirt ar líne inniu. Iarr ar dhaltaí a bhfreagraí ar cheisteanna a roinnt agus achoimre a dhéanamh leis na pointí seo a leanas:

- Ní athraíonn an chaoi a gcaithimid le daoine díreach toisc go bhfuil tú taobh thiar de scáileán - tá sé chomh tábhachtach céanna a bheith cineálta agus measúil le cairde agus daoine eile ar líne agus a bhíonn sé san fhíorshaol.
- Ná scríobh teachtaireachtaí gránna faoi dhaoine eile riamh ar líne. Ná tabhair freagra ar theachtaireachtaí gránna riamh. Taispeáin do dhuine fásta iad a bhfuil muinín agat as.
- Tá sé tábhachtach nach gcoinneoidh tú rúin ar líne - inis do thuismitheoir nó do chaomhnóir aon rud gránna nó coscrach a fheiceann tú ar líne.
- **Faoi dheireadh - Céard a dhéanfaimid má fheicimid teachtaireacht ghránna ar líne?**

  **STOP** – ná freagair an teachtaireacht ach tóg seat scáileáin

  **BAC** – cuir bac ar an seoltóir

  **INIS** – do dhuine fásta é, a bhfuil muinín agat as

**Céim 2.** Dáil an Bhileog Eolais Don Bhaile ar na daltaí, téigh tríd an ngníomhaíocht leis na daltaí agus iarr orthu í a chur i gcrích mar obair bhaile.